

❁ An Lúibín ❁

28 Feabhra 2010

Duais don Astráil

A prestigious prize for a Melbourne group.

Tá eagraíocht Astrálach, Cumann Gaeilge na hAstráile, tar éis an chéad duais a ghnóthú in *Global Gaelic*, comórtas domhanda de chuid Ghlór na nGael. An Roinn Gnóthaí Eachtracha a urraíonn an duais, agus is fiú €5,000 í.

Rinneadh an fógra ar Radió na Gaeltachta ar 29/1/10.

Dúirt bainisteoir Ghlór na nGael go raibh obair an Chumainn le moladh go haer. Bíonn ranganna, daonscoil agus ócáidí sóisialta ar siúl acu, agus anuraidh fuair siad an tríú duais.

An Manchester Irish Language Group (MILG) a ghnóthaigh an dara duais, agus Gaeltacht Cheanada a ghnóthaigh an tríú duais. Fuair Ollscoil Baile Pitt (Pittsburg) agus Cumann Gaelach Lucsamburg duais freisin.

Féach www.glornangael.ie.



An Mám ó Dheas, Muiris Ó Scanláin. An Sagart 2009

Tá scéal a bheatha scríofa ag Muiris (Mossie) Ó Scanláin, fear as Baile an Lochaigh i gCorca Dhuibhne atá ina chónaí i Melbourne na hAstráile le fada an lá ach nár chaill a spéis sa Ghaeilge riamh. Is fada atá sé ag múineadh na teanga agus á cur chun cinn i ndeisceart an domhain, agus tá trí dhlúthdhiosca d'amhráin Ghaeilge curtha amach aige. Tháinig dírbheathaisnéisí eile óna dhúiche siúd, agus seo againn *An Mám ó Dheas*, teideal a chuirfeadh i gcuimhne duit leabhar le Pádraig Ua Maoileoin, *Na hAird ó Thuaidh*. Tá leabhar an Scanlánaigh níos simplí agus níos tíriúla, ach tá an líofacht agus an fhileatacht féin ann is dual don chainteoir dúchais.

Chaith an Scanlánach tamall i gCabhlach na hÉireann (tréimhse ar bhain sé sult aisti agus ar sheas go maith dó ina dhiaidh sin) ach bhraith sé go raibh saol eile roimhe. Fuair sé ar na buildeálacha é i mBaile Átha Cliath agus i Londain, áit ar phós sé. Bhí cairde gaoil leis san Astráil agus thug sé féin agus a muirín a n-aghaidh uirthi. I bPeirt san Astráil Thiar a chuir siad fúthu ar dtús, agus thug mo dhuine seal ag obair ar láithreán mianadóireachta amuigh faoin tuath faoi scalladh tréan na gréine. Melbourne ansin, áit ar fhódaigh siad iad féin.

Fear cuideachtúil é mo dhuine, agus suim aige riamh san amhránaíocht agus sa Ghaeilge. Bhí sé orthu siúd a bhunaigh Cumann Gaeilge na hAstráile, dream a tháinig rath orthu (féach an t-alt thuas).

Is dócha nach scríofar leabhar den saghas seo arís. Baineann an Scanlánach leis an nglúin dheireanach a raibh an Ghaeilge fite fuaite ina saol, cé go raibh an Béarla ag teannadh orthu. Tá a rian sin ar theanga an Scanlánaigh – í líofa, nádúrtha, gonta. Níl sa leabhar ach mioneachtraí, mar is dual dá leithéid, ach cuireann an insint bhríomhar in iúl dúinn gurb iad na heachtraí úd dlúth agus inneach na beatha.

Is é an chuid is fearr den leabhar an cuntas a thugann sé ar a óige agus ar bhás a mháthar agus a athar, ach is fiú an t-iomlán a léamh ar a mhacántacht agus ar a ghreann. Is Astrálach anois é an Scanlánach agus ardmheas aige ar bhéascna na mBundúchasach.

Tá an leabhar breac le grianghraif a thóg an t-údar féin agus le líníochtaí Thomáis Uí Chíobháin, duine de bhunadh Chorca Dhuibhne. An Moinsíneoir Pádraig Ó Fiannachta a chuir an leabhar in eagar, cé go bhfuil rian na deifreach air ansiúd is anseo.

Tá seoladh an leabhair agus guth an údair féin le cloisteáil mar a leanas:

<http://www.rte.ie/podcasts/2009/pc/pod-v-081209-41m35s-ansaolodheas.mp3>



Is leor beirt

Most people with some Irish never use it. Let the conversation start.

Tá tús curtha ag Conradh na Gaeilge le *Is Leor Beirt*, gréasán náisiúnta de chiorcail chomhrá, agus é ar siúl i gcomhar le Scéimeanna Phobail Gaeilge.

Measann lucht beartaithe na scéime gur leor beirt féin chun comhrá agus cuideachta Gaeilge a chothú in áit ar bith, agus iad ag bualadh le chéile uair sa tseachtain. Dhéanfadh caife nó bialann cúis mar áit chruinnithe, nó cúnne sraide féin, b'fhéidir. Comhlúadar cuí, roinnt cainte, agus gan aon ró-fhoirmiúlacht ann.

Is furasta a fheiceáil cén fáth a n-oirfeadh a leithéid do dhaoine atá ag iarraidh an mheirg a bhaint de pé Gaeilge a d'fhan ina gcloigeann tar éis na scoile, agus tá grúpaí ag baint leis an scéim i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh, i gContae Mhaigh Eo, i gContae Uíbh Fháil agus in áiteanna eile. Ní dona an cuimhneamh é, pé scéal é, agus féachaimis anois an bhfanfaidh aon bheocht ann.



Na Gael-Eorpaigh

Thousands of Irish live and work in Europe, something reflected in their networks. Some, by chance, speak Irish, and so (surprisingly) do some of the Europeans among whom they live.

Deirtear go bhfuil timpeall 450,000-550,000 Éireannach san Eoraip agus 2.8 milliún daoine de shliocht Éireannach.¹ Ní féidir a shéanadh, ar aon chuma, go bhfuil borradh éigin faoi chultúr na hÉireann sna bólaí úd – ceol, craic, rince, spórt, pubanna Gaelacha, léann Éireannach agus James Joyce, cé nach minic a chloisfeá trácht ar Mháirtín Ó Chadhain.

Tá an chuid is mó de na hÉireannaigh úd le fáil in Iarthar Eorpa, agus a líon ag dul i laghad de réir mar a rachfá soir. Tá 30,000 Éireannach (más fíor) ina gcónaí i Lucsamburg, san Ísiltír agus sa Bheilg, 30,000 eile as Spáinn agus 15,000 sa Phortaingéil, in Andorra, i nGiobráltar, sna hOileáin Bhailéaracha agus sna hOileáin Chanáracha. Tá cónaí ar thimpeall 30,000 sa Ghearmáin agus 30,000 sa Fhrainc (15,000 i bPáras).

Tá 15,000 le fáil i lároirthear na hEorpa – an Ostair, an Iodáil, Lichtinstéin, Málta, Monacó, San Mairíne, an tSlóivéin, an Eilbhéis agus an Vatacáin. Tá 5,000 ar ar a laghad ina gcónaí i lár na hEorpa, go háirithe san Ungáir, sa Pholainn (timpeall 500 nó mar sin) agus i bPoblacht na Seice. Tá 6,000 eile ar a laghad le fáil níos faide siar, go háirithe sa Rúis agus sna tíortha máguaird.

¹ Luaitear na figiúirí seo ar Wikipedia, ach ní mór an slacht atá ar an alt atá i gceist. Bheadh fáilte roimh aon duine atá in ann caoi a chur air.

Fágann an méid sin go bhfuil an Eoraip breac le clubanna, le cumainn, le grúpaí agus le féilte a bhfuil d'aidhm acu leaganacha de dhúchas na hÉireann a shaothrú agus a chur chun cinn. Ná dearmadaimis na céadta 'Irish pubs' – os cionn 650 ceann acu sa Ghearmáin, mar shampla. Tá bannaí ann ar nós 'The Slip' ón gCróit agus gan Éireannach ar bith ag baint leo, nó 'Los Stompers' i mBarcelona, cúpla Éireannach orthu agus ceol measctha acu, nó 'An Eitre,' banna Gael-Lochlannach. Agus sin gan trácht ar 'Celtic Shannon' sa Pholainn.

Ná dearmadaimis cúrsaí spóirt. I mbliana beidh caoga comórtas iománaíochta, camógaíochta agus peile ar siúl san Eoraip, agus tosóidh an pheil i Vaileinsia na Spáinne. Os cionn daichead foireann atá i gceist, agus Bord Eorpach ann i mBaile Átha Cliath atá i bhfeighil peile ar an Mór-Roinn. Is gearr ó cuireadh comórtas Lochlannach ar siúl.

Tá suíomh ann a fhreastlaíonn ar na deoraithe, www.irishabroad.com, agus is díol spéise é toradh an mhionsuirbhé a rinne sé ar na cúiseanna a bhí le hÉireannaigh a fhanacht san Eoraip seachas sa bhaile.

- *Seirbhísí sláinte 17% (423 vóta)
- *An chraic 7% (181 vóta)
- *An caighdeán maireachtála 19% (470 vóta)
- *An aimsir 21% (514 vóta)
- *Mé a bheith socraithe síos le muirín 11% (267 vóta)
- *Cúrsaí oideachais 7% (176 vóta)

Cá bhfágann sin an teanga? In áit na leathphingine, tríd is tríd. Ní mór an tóir atá ar Ghaeilge, cé go saothraítear í ansiúd is anseo. Tá sí á múineadh in Ollscoil Mhoscó (tugann na mic léinn úd cuairt ar Éirinn ó am go chéile) agus ar an leibhéal céanna sa Pholainn (deirtear linn go bhfuil mic léinn ann agus greim maith ar an teanga acu). Tá a leithéid ar siúl i dtíortha eile: tugtar léachtaí sa *Centre Culturel Irlandais* i bPáras mar chuid de theastas Gaeilge. Agus féach Ciarán Mac Guill, fear as Dún Dealgan a chuidigh le grúpa comhrá a chur ar bun i bPáras, agus a n-aird ar spraoi seachas ar ghramadach mar mhodh foghlama – fíon, ceapairí, agus daoine chucu as gach cearn. Tagann Éireannaigh atá ina gcónaí sa chathair le 30 bliain.²

In ndeireadh na dála, ní hí an teanga suaitheantas náisiúnta na nÉireannach san Eoraip ná in aon áit eile. Fágann sin bearna, agus líontar í le craic, le ceol, le camáin agus le Joyce. Ach ní líonann na rúdaí sin ar fad í: agus sin an áit a dtagann an seansaibhreas aníos.



Jabanna i gCeanada

Irish speakers are being recruited in Ireland to teach in Canada.

Tá mic léinn agus múinteoirí le Gaeilge in Éirinn á ngríosú chun an teanga a mhúineadh i gCeanada. Ní foláir dóibh cur isteach ar dhuais-sparántacht de chuid an *Ireland Canada University Foundation* roimh 5/3/10.

Bíonn dhá phríomhchlár ar siúl ag an bhFundúireacht gach bliain. Soláthraíonn clár scoláireachta Craig Dobbin scoláireachtaí gearrthréimhseacha ar cuairt i gcomhair taighde a bhaineann leis an dá thír. Is é an dara ceann Clár na Gaeilge agus é de chuspóir aige teagasc na teanga a chothú in ollscoileanna Cheanada.

Tá an maoiniú á sholáthar ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus tá a lán poist chúnta ar fáil in ollscoileanna a mhúineann Gaeilge. Orthu sin tá Ollscoil Concordia i Montréal, Quèbec, agus Ollscoil Naomh Muire in Halifax, Albain Nua. Chomh maith leis sin, tá an

² <http://www.chronique-gaelique.com/anists>

Fhundúireacht ar thóir iarratas ar Ollúnacht le Gaeilge ar cuairt sa Roinn Léinn Cheiltigh in Ollscoil Thorontó.

Clár nua é seo a thosaigh anuraidh, agus, ní nach ionadh, tá sé á mholadh go hard ag an Aire. Tá breis eolas le fáil ag www.icuf.ie.



Meamram marbh

A directive to limit language immersion in the gaelscoileanna has been withdrawn.

Tamall ó shin chuir Aire Oideachais na hÉireann ciorclán amach a chuir bac ar chumas scoileanna lán-Ghaeilge an luath-thumoideachais a chur i bhfeidhm. Cúis imris agus agóide ba ea an ciorclán úd agus ba dheacair a thuiscint cén fáth ar cuireadh amach é ar chor ar bith, ó bhí sé bunoscionn le comhairle na saineolaithe, gan trácht ar chleachtadh praiticiúil. Anois tá sé curtha ar ceal.

Is dócha gur dhá chúis a bhí leis sin: stocaireacht lucht na Gaeilge agus cás a bhí le cur faoi bhráid na hArd-Chúirte ag lucht gaelscolaíochta i gcoinne na Roinne. Chuaigh an dá thaobh chun cainte le chéile agus thoiligh an Roinn leis an gcostas cúirte a ghlanadh.

Ní mór a chuimhneamh gurb é an córas luath-thoimoidachais is cionsiocair le líofacht na Lochlannach i mBéarla, rud ar chóir do chomhairleoirí an Aire a chuimhneamh air sular chuir siad amú í.



Teanga scothaicme

A recent Irish report makes a controversial claim: that Irish speakers have a clear advantage in the job market.

Teideal é nach dteipfeadh riamh air aird a tharraingt air féin: *Language and Occupational Status: Linguistic Elitism in the Irish Labour Market*. Páipéar é a d'fhoilsigh Vani Borooah, Donal Dineen agus Nicola Lynch ó Ollscoil Luimnigh anuraidh in *The Economic and Social Review*, agus é á mhaíomh go mbíonn buntáiste ag daoine le Gaeilge i gcúrsaí fostaíochta. Trí rud is cionsiocair leis seo, a deir na húdair: oideachas (go háirithe bláthú na ngaelscolaíochta), roghnú ábhair tríú leibhéil, agus Gaeilgeoirí a bheith in ann dul i gcabhair ar a chéile.³

Deir na húdair gur ait an rud é go mbíonn Gaeilgeoirí chun tosaigh go maith i gcúrsaí fostaíochta cé gurb annamh a bhíonn an teanga á labhairt ag a bhformhór. Is í an obair atá i gceist an saghas is galánta – postanna proifisiúnta, teicniúla nó bainistíochta.

Baineadh sampla 5% ó dhaonáireamh na bliana 2006 sa Phoblacht agus sampla 3% ó dhaonáireamh na bliana 2001 i dTuaisceart Éireann. Thaispeáin na samplaí seo go raibh 90% den 52,416 freagróir dall ar Ghaeilge, agus gurbh fhéidir le 10% (5,181 duine) an teanga a léamh, a scríobh, a labhairt nó a thuiscint. Is deacair na freagraí sin a dheimhniú, agus admhaíonn na húdair go gcaithfear glacadh le breith na bhfreagróirí féin mura bhfuil teacht ar a mhalairt d'fhianaise.

Rinneadh amach go raibh poist phroifisiúnta, theicniúla nó bhainistíochta ag 42% de Ghaeilgeoirí sa Phoblacht le hais 27% de Bhéarlóirí. Bhí poist neamhoilte nó leathoilte ag 19% de Bhéarlóirí le hais 12% de Ghaeilgeoirí. Bhí cáilíochtaí tríú leibhéal ag 25% de Ghaeilgeoirí le hais 14% de Bhéarlóirí. Ba é

³ 'Language and Occupational Status: Linguistic Elitism in the Irish Labour Market,' *The Economic and Social Review*, Vol. 40, No. 4, Winter, 2009, lgh 435–460: <http://ideas.repec.org/a/eso/journal/v40y2009i4p435-460.html>

an scéal céanna acu é i dTuaisceart Éireann, tríd is tríd. Bhí poist ardoilte ag 32% de dhaoine a raibh roinnt Gaeilge acu le hais 23% de dhaoine gan í; bhí céim ollscoile ag 27% de Ghaeilgeoirí le hais 44% de dhaoine gan Ghaeilge.

Deir na húdair gur léir go bhfuil buntáiste éigin ag lucht Gaeilge agus go mb'fhéidir go mbeadh baint ag an oideachas leis an scéal. Tá díorma díograiseach den mheánaicme phroifisiúnta ag tacú le gluaiseacht na Gaeilge ó na seachtóidí go háirithe, agus bunaíodh a lán scoileanna lán-Ghaeilge dá bharr. Sa bhliain 1972, lasmuigh den Ghaeltacht, bhí 11 ghaelscoil ann agus cúig mheánscoil lán-Ghaeilge. Inniu tá 138 ngaelscoil ann agus 53 mheánscoil lán-Ghaeilge.

Ainm an dea-oideachais atá ar na scoileanna úd. Meallann siad múinteoirí maithe agus tuismitheoirí díograiseacha, agus dá bhrí sin mealltar teaghlaigh eile a dtaitníonn na torthaí leo. Tá baint ag an roghnú sóisialta seo leis na postanna is fearr. Deir na húdair go gcuireann 7% de scoileanna friothálacha lán-Bhéarla⁴ a gcuid daltaí go léir chun an tríú leibhéal le hais 22% de na scoileanna friothálacha lán-Ghaeilge.

Buntáiste eile a bhíonn ag Gaeilgeoirí, dar leis na húdair, is ea an caidreamh atá acu ar a chéile, rud a fhágann go bhféadfadh lámh isteach a bheith acu nó teacht níos éasca a bheith acu ar obair. (Deir na húdair, áfach, nach mbíonn na buntáistí céanna ag Gaeilgeoirí mná is atá ag mná a labhraíonn Béarla amháin.)

Spreag na tuairisc seo a lán tuairimí difriúla. Rinneadh tagairt, mar shampla, do thuarascáil eile a dúirt go raibh gradam tagtha in áit an drochmheasa a bhíodh ar lucht na Gaeilge. Súil níos géire a thug Breandán Delap, iriseoir agus tráchttaire, ar an scéal: 'De réir mo bharúlása, cruthaíonn siad go bhfuil buntáiste acu siúd atá dátheangach (.i. go bhfuil Gaeilge AGUS Béarla acu) agus iad ar thóir oibre seachas gur aicme faoi phribhléid iad lucht labhartha na Gaeilge'.⁵ Deir Delap nach mór a chur san áireamh go bhfuil poist áirithe (bunmhúinteoirí, poist in eagraíochtaí Gaeilge agus mar sin de) ann nach féidir leat a fháil le Béarla amháin.

Mar a deir sé, níl figiúirí le fáil sa tuairisc a thabharfadh bunús le tionchar na scoileanna lán-Ghaeilge ar chúrsaí oibre sa bhliain 2006. Tháinig borradh an gaelscolaíochta rómhall le go mbeadh a leithéid de thionchar aige ar fud na tíre sa bhliain 2006. Maidir leis an 1.66 milliún duine a dúirt sa daonáireamh go raibh Gaeilge acu, is beag duine acu a d'fhreastail ar ghaelscoil.

Tá amhras aige freisin ar thábhacht an mhogalra shóisialta úd i measc Gaeilgeoirí: 'An bhfuil údair na tuarascála seo a mhaíomh i ndáiríre go bhfuil an líonra sóisialta Gaeilge ar aon dul leis an chumann rugbaí nó gailf nó le seancharbhat na scoileanna príobháideacha?'

Ní heisean amháin nach dtuigeann cén fáth a mbeadh buntáiste ag lucht na Gaeilge i dTuaisceart Éireann, agus gan tacaíocht bhunreachtúil ná eile le fáil ag an teanga ansin.

Mar sin féin: b'fhéidir nach bhfuil argóint na n-údar gan bhunús ar fad. Is maith an sás iad na scoileanna lán-Ghaeilge le daltaí a chur chun cinn, agus is mór an tábhacht atá leis an oideachas, go háirithe agus lucht gairmiúlachta ag tacú leis an teanga. Pé acu atá an t-éilíteachas úd ann anois nó nach bhfuil, is dócha go mbeidh a rian le haithint ar an teanga feasta: í á húsáid ag scothaicme oilte chathrach a mbeidh buntáiste an Bhéarla acu freisin, gan trácht ar theangacha eile. Na hiarlaí a d'imigh, tá siad ag teacht ar ais.



⁴ Tá sé de chuspóir ag scoileanna friothálacha daltaí a ullmhú d'aonghnó don tríú leibhéal.

⁵ *Beo*, Eagrán 206, Feabhra 2010: <http://www.beo.ie/>.

Aisteach an teanga

Urban Irish is diverging sharply from the Irish of the Gaeltacht.

Teangeolaí is ea Brian Ó Broin, agus é i mbun teangeolaíochta agus litríocht mheánaoiseach in Ollscoil William Paterson i New Jersey. Is gearr ó scríobh sé alt don *Irish Times* a deir go bhfuil Gaeilge na cathrach agus Gaeilge na Gaeltachta ag scaradh ó chéile.⁶ Iad ar mhalairt slí, drogall ar Ghaeilgeoirí éisteacht le Raidió na Gaeltachta agus drogall ar lucht Gaeltachta cur suas le caint aisteach na nGaeilgeoirí. Ar éigean a thuigeann an dá dhream a chéile cé go bhfuil siad in ainm is a bheith ag labhairt na teanga céanna.

Nuair a rith sé le mo dhuine gur mar sin a bhí an scéal spreagadh é chun breis taighde a dhéanamh. Rinne sé cláir nuachta a thrascriobh, cuid díobh á léamh ag cainteoirí dúchais ar Raidió na Gaeltachta, cuid eile á léamh ar Raidió Fáilte i mBéal Feirste agus ar Raidió na Life i mBaile Átha Cliath. Ansin thrascriobh sé sleachta as cláir chainte na stáisiún úd, agus cainteoirí á roghnú faoi thuairim aige.

Tá córas casta foghraíochta ag an nGaeilge, ach ní dhearnadh scagadh anseo ach ar thrí rud: déadaigh chaola (*teas* nó *tine*), cuimiltigh choguasacha (*chaisleán* nó *Chonnacht*) agus cuimiltigh charballacha (*cheann* nó *chiseach*). Rinne dream Raidió na Gaeltachta faillí sna rudaí sin idir 0% agus 7% den am, ach rinne na cainteoirí cathrach faillí iontu idir 21% agus 66% den am – céatadán ard.

Rinneadh anailís freisin ar chúrsaí comhréire. Deirtear go bhfuil léiriú le fáil ar shofaisticiúlacht comhréire tríd an méid fochlásal a úsáidtear: is sofaisticiúla *Bhris Eithne a cos toisc gur thit sí den rothar* ná *Thit Eithne den rothar agus bhris sí a cos*. Chum cainteoirí Gaeltachta cúig fhochlásal déag i ngach deich n-abairt, agus níor chum cainteoirí uirbeacha ach cúig cinn – difríocht mhór. Chomh maith leis sin, is minic a chum cainteoirí Gaeltachta fochlásail laistigh d'fhochlásail, rud nach ndearna na cainteoirí uirbeacha ach go hannamh.

Mar sin féin, níor mhór an difríocht a bhí idir an dá dhream i ngeall ar stór focal, ná ní raibh méid mór Béarla le cloisteáil i gcaint na nGaeilgeoirí.

Maidir le hurú agus séimhiú, níor lig lucht Raidió na Gaeltachta ach idir 4% agus 6% de na hathruithe úd ar lár, le hais 40% i stáisiúin chathrach. Ar éigean a dhéanadh cainteoirí uirbeacha séimhiú nó urú ar chor ar bith agus iad ag caint go fánach, rud iontach agus gan réiteach déanta ag an gcanúint chathrach fós air. Ní hé go bhfuil an chanúint úd á Béarlú go díreach, ach tá tréithe ar leith aici, go háirithe ó thaobh na gramadaí de.

Deir Ó Broin, pé méadú atá ag teacht ar líon na gcainteoirí cathrach, nach bhfuil sa chanúint úd fós ach teanga roghnach, ach gur gnáth-theanga bheo í an Ghaeilge i mbéal agus in aigne chraoltóirí Raidió na Gaeltachta.

Mar sin féin tá Gaeilge le cloisteáil ar fud na tíre agus go fiú thar lear, agus pé athrú atá ag teacht uirthi ní dócha go bhfuil sí ag dul i léig. Tá neart clár á ndíriú ag stáisiúin uirbeacha ar éisteacht óga go háirithe, rud a thugann le fios (dar le mo dhuine) go bhfuil neart Gaeilgeoirí ann agus dúil acu ina gcuid meán féin. Ach tá an teanga míshocair faoi láthair, agus is é barúil Uí Bhroin gur chóir do na Gaeilgeoirí sin beartú ar a gclann a thógáil le Gaeilge.



⁶ 'Schism fears for Gaeilgeoirí,' Brian Ó Broin, *The Irish Times*:
<http://www.irishtimes.com/newspaper/weekend/2010/0116/1224262447899.html>.

Gaeilge sa tSín

Irish is to be taught at tertiary level at Beijing.

Pé bearna atá ann, ní mór í a dhéanamh réidh. Is garr ó d'fhógair an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta go bhfuiltear le hairgead a thabhairt d'ollscoil i mBéising chun cuidiú le ranganna Gaeilge a chur ar siúl san Ionad Léinn Éireannaigh ann. Tá €21,900 le dáileadh ar feadh trí bliana ar *Beijing Foreign Studies University*.

Tá an deontas seo á thabhairt do thríocha institiúid ar fud an domhain, agus ollscoileanna san Eoraip, san Astráil agus i Meiriceá Thuaidh san áireamh. Lochtaítear an tAire ó am go ham as ollscoileanna saibhre a mhisniú le maoiniú, ach is dócha nach múinfí an oiread sin Gaeilge thar lear gan é. Agus mar a deir sé féin, tá éileamh ar an scéim, go fiú i gcríocha an Dragain. Cuireann an obair le gréasán na nGaeilgeoirí ar fud an domhain, rud ab fhiú a dhéanamh riamh.

Toradh eile atá ar an scéim (an ceann is ansa leis an Aire, b'fhéidir) mic léinn a mhealladh chun na Gaeltachta chun cur lena gcuid eolais. Ach tá Gaeltacht úd na haislinge ag dul i léig, cé go raibh sí beo go leor tríocha bliain ó shin. Tá scéimh na cathrach ag teacht ar an teanga anois, agus scéimh an léinn, rud a bhaineann leis an deontas féin agus é dírithe ar an scothaicme, go fiú sa tSín. Pé olc maith linn é, tá aois na galántachta buailte linn.



Teanga agus ábhar

Language both as subject and medium.

Tá CLIL (*Content and language Integrated Learning*) san fhaisean: teanga a mhúineadh agus í a úsáid freisin mar mheán chun ábhar eile a mhúineadh – mata, stair, tírealaíocht. San Eoraip táthar ag baint feidhme as le deich mbliana anuas sna bunscoileanna, san meánscoileanna agus ar an tríú leibhéal.

Speisialaithe ina n-araíonacht féin is ea múinteoirí CLIL, agus teanga eile ar a dtoil acu. Cuireann siad ar chumas an fhoghlaiméora eolas a fháil ar an teanga agus ar ábhar eile le chéile, i dtreo go gceanglaítear an teanga do ghnóthaí an tsaoil. Tagann feabhas ar líofacht an fhoghlaiméora (anfheabhas de ghnáth), ní thógtar an t-am atá leagtha amach d'ábhair eile, tugtar léargas nua ar an ábhar atá á mhúineadh, agus tugtar an-mhisneach don té atá ag dul i ngleic leis an teanga.

Tá suim sa scéal in Éirinn agus san Astráil. In Éirinn, ar 27/2/10, bhí comhdháil ann faoi choimirce Choláiste na hOllscoile Gaillimh agus Ghaelscoileanna Teo, agus an-suim ag an lucht eagraithe san fheidhm a d'fhéadfaí a bhaint as an modh teagais seo chun Gaeilge a mhúineadh. Ón mbliain 2012 amach beidh baint ag 40% de mharcanna Gaeilge san Ardteist leis an scrúdú béil, agus ní fíos go fóill an gaire cúnaimh Dé ná an doras. Modh é atá á úsáid ag roinnt bunscoileanna san Astráil freisin, ach tá an fhadhb chéanna againn sa dá thír: easpa múinteoirí dátheangacha a bheith orainn.

Féach na naisc a leanas:

http://ec.europa.eu/education/languages/language-teaching/doc236_en.htm

http://ec.europa.eu/education/languages/pdf/doc786_en.pdf?bcsi_scan_3CB14DF0471C3DC0=0&bcsi_scan_filename=doc786_en.pdf

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.